CINNEADH (CBES) 2022/2441 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Nollaig 2022

lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Samhain 2008, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES ([1]) lena mbunaítear oibríocht Atalanta, oibríocht mhíleata de chuid an Aontais.

(2) An 22 Nollaig 2020, le Cinneadh (CBES) 2020/2188 ón gComhairle ([2]), leasaíodh Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES agus cuireadh síneadh le Atalanta go dtí an 31 Nollaig 2022.

(3) Le Cinneadh (CBES) 2020/2188, leathnaíodh cúram Atalanta rannchuidiú le gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile agus cosaint a thabhairt do shoithí de chuid an Chláir Dhomhanda Bia lena seachadtar cabhair bhia do dhaoine easáitithe sa tSomáil chomh maith le cosaint soithí leochaileacha a bhíonn ag cúrsáil amach ó chósta na Somáile. Foráladh leis ina theannta sin, gurb amhlaidh freisin a rannchuideodh Atalanta, mar chúraimí feidhmiúcháin tánaisteacha le cur chun feidhme thrádbhac arm na Náisiún Aontaithe ar an tSomáil i gcomhréir le Rún 2182 (2014) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) agus le cur i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí támhshuanacha amach ó chósta na Somáile i gcomhthéacs Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige agus Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha an 20 Nollaig 1988. Ina theannta sin, foráladh leis go ndéanfadh Atalanta faireachán, mar chúram neamhfheidhmiúcháin tánaisteach, ar gháinneáil ar dhrugaí támhshuanacha, ar gháinneáil ar airm, ar iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) agus ar thrádáil aindleathach fioghuail amach ó chósta na Somáile i gcomhréir le Rúin 2498 (2019) agus 2500 (2019) ó CSNA agus i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha an 20 Nollaig 1988.

(4) Mheabhraigh an Chomhairle sna conclúidí uaithi an 22 Meitheamh 2021 gurb é "is aidhm don tslándáil mhuirí úsáid shaor shíochánta na bhfarraigí a áirithiú agus gur réamhriachtanas í chun go mbeidh aigéin agus farraigí sábháilte, glana agus slána ann do gach cineál gníomhaíochta, agus gur tosaíocht shoiléir í don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit chun a leasanna straitéiseacha a chosaint". Chuir an Chomhairle chun suntais "an rannchuidiú suntasach seanbhunaithe leis an tslándáil mhuirí atá á dhéanamh ag oibríochtaí muirí Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear EUNAVFOR ATALANTA, chun dul i ngleic leis an bpíoráideacht san Aigéan Indiach agus í a dhíothú ar deireadh".

(5) An 15 Samhain 2021, le Rún 2607 (2021) ó CSNA, rinneadh, go háirithe, athnuachan agus leathnú ar na forálacha a leagtar amach i mír 15 de Rún 2182 (2014) agus ar an údarú maidir le cigireachtaí chun an trádbhac arm ar an tSomáil agus an toirmeasc ar onnmhairí fioghuail ón tSomáil a chur chun feidhme.

(6) An 3 Nollaig 2021, le Rún 2608 (2021) ó CSNA, iarradh an athuair ar Stáit agus ar eagraíochtaí réigiúnacha atá in ann é a dhéanamh páirt a ghlacadh sa chomhrac i gcoinne na píoráideachta agus na robála armtha ar muir amach ó chósta na Somáile, go háirithe, i gcomhréir leis an rún céanna agus leis an dlí idirnáisiúnta, trí shoithí cabhlaigh, airm, agus aerárthaí míleata a imscaradh, trí thacaíocht bhunáite agus lóistíochta a chur ar fáil d'fhórsaí frithphíor-

([1]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES ón gComhairle an 10 Samhain 2008 maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le gníomhaíochtaí píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile (IO L 301, 12.11.2008, lch. 33).

([2]) Cinneadh (CBES) 2020/2188 ón gComhairle an 22 Nollaig 2020 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile (IO L 435, 23.12.2020, lch. 74).

áideachta, agus trí bháid, soithí, airm, agus trealamh gaolmhar eile a úsáidtear, nó a bhfuil forais réasúnta ann lena mheas go n-úsáidtear iad, don phíoráideacht agus don robáil armtha ar muir amach ó chósta na Somáile, a urghabháil agus a dhiúscairt, aithníodh gur ionchúisigh na Séiséil cásanna píoráideachta go rathúil agus tathantaíodh ar gach Ballstát faisnéis a roinnt le INTERPOL, lena húsáid i mbunachar sonraí domhanda na píoráideachta.

(7) Sna conclúidí uaithi an 21 Feabhra 2022, sheol an Chomhairle cur chun feidhme choincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe san Aigéan Indiach Thiar Thuaidh, trí limistéar leasa muirí a bhunú ina gcumhdaítear an limistéar muirí ó chaolas Hormuz go dtí an Trópaic Theas, agus ón taobh thuaidh den Mhuir Rua i dtreo lár an Aigéin Indiaigh.

(8) Sa chomhthéacs sin, baineadh de thátal as an Athbhreithniú Straitéiseach a rinneadh ar Atalanta in 2022 gur cheart síneadh a chur le sainordú na hoibríochta go dtí an 31 Nollaig 2024 agus gur cheart é a mhéadú le go gcuimseofaí leis an tslándáil mhuirí amach ó chósta na Somáile agus sa Mhuir Rua agus, ag an am céanna, gur cheart leanúint de na cúraimí atá á ndéanamh cheana. Ina theannta sin, ba cheart leanúint d'idirphlé a shaothrú leis an tionscnamh um Fheasacht ar an Staid Mhuirí i gCaolas Hormuz (EMASOH), tionscnamh atá faoi stiúir na hEorpa, agus leis an gcuid mhíleata de, Oibríocht Agénor, chun naisc bhreise agus sineirgí breise a fhorbairt. Ar an gcuma chéanna, ba cheart sineirgí a lorg leis an Láithreacht Mhuirí Chomhordaithe san Aigéan Indiach Thiar Thuaidh. Ina theannta sin, ba cheart, leis an oibríocht, sásra a bhunú chun faisnéis a roinnt le Rialtas Cónaidhme na Somáile, trí Bhiúró Lárnach Náisiúnta INTERPOL i Mogaidisiú, maidir le hiascaireacht amhrasta NNN.

(9) Ba cheart Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES mar seo a leanas:

(1) Sa teideal, cuirtear an frása: "maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA)" in ionad an fhrása:

"maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile".

(2) Ar fud an téacs, cuirtear an t-ainm "EUNAVFOR ATALANTA" in ionad an ainm "Atalanta".

(3) In Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Seolfaidh an tAontas Eorpach (an tAontas) oibríocht mhíleata chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA).

1a. Mar thaca le Rúin 1814 (2008), 1816 (2008), 1838 (2008), 1846 (2008) agus 1851 (2008) agus le Rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) ina dhiaidh sin, ar bhealach atá comhsheasmhach leis an ngníomhaíocht a cheadaítear i ndáil le píoráideacht faoi Airteagal 100 et seq. de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige a síníodh in Montego Bay an 10 Nollaig 1982 (dá ngairtear "Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige" anseo feasta), agus trí bhíthin, go háirithe, gealltanais a tugadh le tríú Stáit, rannchuideoidh EUNAVFOR ATALANTA leis an méid seo a leanas:

— soithí de chuid an Chláir Dhomhanda Bia a chosaint agus cabhair bhia á seachadadh acu do dhaoine easáitithe sa tSomáil, i gcomhréir leis an sainordú a leagtar síos i Rún 1814 (2008) ó CSNA, agus

— soithí leochaileacha a bhíonn ag cúrsáil amach ó chósta na Somáile a chosaint, agus gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile, i gcomhréir leis an sainordú a leagtar síos i Rúin 1846 (2008) agus 1851 (2008) ó CSNA."

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

"*Airteagal 8*

Comhleanúnachas fhreagairt an Aontais

1. Déanfaidh an tArdionadaí, Ceannasaí Oibríochta an Aontais agus Ceannasaí Fórsa an Aontais a ngníomhaíochtaí faoi seach a chomhordú go dlúth maidir le cur chun feidhme na Gníomhaíochta Comhpháirtí seo.

2. Comhordóidh EUNAVFOR ATALANTA go dlúth le misean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia), le Misean an Aontais Eorpaigh um Fhothú Acmhainneachta sa tSomáil (EUCAP Somalia) agus leis na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe san Aigéan Indiach Thiar Thuaidh. Comhoibreoidh sé le hoibríocht AGENOR agus malartóidh sé faisnéis leis an tionscnamh um Fheasacht ar Staid Mhuirí i gCaolas Hormuz (EMASOH), tionscnamh atá faoi stiúir na hEorpa.

3. Tacóidh EUNAVFOR ATALANTA, de réir acmhainne agus cumais, le cláir ábhartha de chuid an Aontais."

(5) In Airteagal 14, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"8. EUR 10 400 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh na gcostas coiteann a bhaineann le hoibríochtaí míleata an Aontais ar feadh na tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2024. 0 % a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha sin dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle (*) do ghealltanais, agus 0 % a bheidh sa chéatadán d'íocaíochtaí.

_____

(*) Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14)."

(6) In Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (5):

"5. Leis seo, údaraítear do EUNAVFOR ATALANTA faisnéis arna bailiú maidir le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha seachas an phíoráideacht le linn a chuid oibríochtaí a scaoileadh chuig INTERPOL, i gcomhréir le hAirteagal 2(h), agus chuig EUROPOL, i gcomhréir le hAirteagal 2(i). Ina theannta sin, údaraítear leis seo do EUNAVFOR ATALANTA faisnéis maidir le hiascaireacht amhrasta NNN, arna bailiú le linn a chuid oibríochtaí, a tharchur chuig Biúró Lárnach Náisiúnta INTERPOL i Mogaidisiú."

(7) In Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Tiocfaidh deireadh le EUNAVFOR ATALANTA an 31 Nollaig 2024."

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES